Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9499/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0132 (NLE)**

**ACP 53**
**FIN 426**
**PTOM 14**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2021 |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2021**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól den Chomhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais le haghaidh na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[1], agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de,

[1] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[1], agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2021 lena leagtar amach méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2021, agus méid bliantúil athbhreithnithe na ranníocaíochta le haghaidh 2021, i gcás nach mbeidh an méid ag teacht leis na riachtanais iarbhír.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, an 6 Aibreán 2021, chuir an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI') a chuid meastachán nuashonraithe maidir le gealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a ndéanann sé bainistíocht orthu chuig an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, foráiltear go n-ídeofar ar dtús, agus glaonna á ndéanamh ar ranníocaíochtaí, na méideanna a leagtar síos do Chistí Eorpacha Forbraíochta roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 don Choimisiún agus do BEIgus.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an 'Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, níltear chun sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF nó faoi CEFanna roimhe sin a athúsáid, i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020.

(5) Le Cinneadh (AE) 2020/1708 ón gComhairle[2], socraítear méid bliantúil ranníocaíochtaí CEF na mBallstát le haghaidh 2021 ag EUR 3 700 000 000 don Choimisiún agus ag EUR 300 000 000 do BEI.

(6) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

[2] Cinneadh (AE) 2020/1708 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n áirítear an uasteorainn le haghaidh 2022, an méid bliantúil le haghaidh 2021, an chéad tráthchuid le haghaidh 2021 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024 (IO L 385, 17.11.2020, lch. 13).

*Airteagal 1*

Déanfaidh na Páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair an CEI a íoc leis an gCoimisiún agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar an dara tráthchuid le haghaidh 2021, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An dara tráthchuid 2021 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | BEI<br>11ú CEF | An Coimisiún<br>11ú CEF | |
| AN BHEILG | 3,24927 | 4 224 051,00 | 38 991 240,00 | 43 215 291,00 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 284 089,00 | 2 622 360,00 | 2 906 449,00 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 1 036 685,00 | 9 569 400,00 | 10 606 085,00 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 2 574 585,00 | 23 765 400,00 | 26 339 985,00 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 26 753 740,00 | 246 957 600,00 | 273 711 340,00 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 112 255,00 | 1 036 200,00 | 1 148 455,00 |
| ÉIRE | 0,94006 | 1 222 078,00 | 11 280 720,00 | 12 502 798,00 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 1 959 555,00 | 18 088 200,00 | 20 047 755,00 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 10 312 224,00 | 95 189 760,00 | 105 501 984,00 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 23 156 497,00 | 213 752 280,00 | 236 908 777,00 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 292 734,00 | 2 702 160,00 | 2 994 894,00 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 16 289 117,00 | 150 361 080,00 | 166 650 197,00 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 145 106,00 | 1 339 440,00 | 1 484 546,00 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 150 956,00 | 1 393 440,00 | 1 544 396,00 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 235 001,00 | 2 169 240,00 | 2 404 241,00 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 331 617,00 | 3 061 080,00 | 3 392 697,00 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 798 928,00 | 7 374 720,00 | 8 173 648,00 |
| MÁLTA | 0,03801 | 49 413,00 | 456 120,00 | 505 533,00 |

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An dara tráthchuid 2021 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | BEI<br>11ú CEF | An Coimisiún<br>11ú CEF | |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 6 209 814,00 | 57 321 360,00 | 63 531 174,00 |
| AN OSTAIR | 2,39757 | 3 116 841,00 | 28 770 840,00 | 31 887 681,00 |
| AN PHOLAINN | 2,00734 | 2 609 542,00 | 24 088 080,00 | 26 697 622,00 |
| AN PHORTAINGÉIL | 1,19679 | 1 555 827,00 | 14 361 480,00 | 15 917 307,00 |
| AN RÓMÁIN | 0,71815 | 933 595,00 | 8 617 800,00 | 9 551 395,00 |
| AN tSLÓIVÉIN | 0,22452 | 291 876,00 | 2 694 240,00 | 2 986 116,00 |
| AN tSLÓVAIC | 0,37616 | 489 008,00 | 4 513 920,00 | 5 002 928,00 |
| AN FHIONLAINN | 1,50909 | 1 961 817,00 | 18 109 080,00 | 20 070 897,00 |
| AN tSUALAINN | 2,93911 | 3 820 843,00 | 35 269 320,00 | 39 090 163,00 |
| AN RÍOCHT AONTAITHE | 14,67862 | 19 082 206,00 | 176 143 440,00 | 195 225 646,00 |
| IOMLÁN - AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE | 100,00 | 130 000 000,00 | 1 200 000 000,00 | 1 330 000 000,00 |